Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/369

25.2.2025

**CINNEADH (AE, Euratom) 2025/369 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Feabhra 2025**

**lena mbunaítear ról an Phríomhoifigigh Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 249 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Airgeadais') ([1]), déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht go soláthróidh an tAontas iasachtaí a mbeidh an buiséad agus na ráthaíochtaí buiséadacha mar thaca leo i gcás ina gcruthófar gurb iad sin an bealach is iomchuí chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach agus ina gcruthófar go bhfuil siad i gcomhréir leis na sainmhínithe a leagtar síos ina mbunghníomh faoi seach. D'fhéadfadh oibríochtaí airgeadais an Aontais a dhéantar chun na hionstraimí sin a chur chun feidhme a bheith ina gcúis le raon rioscaí airgeadais (amhail rioscaí creidmheasa, margaidh, leachtachta, oibríochta, clú agus comhlíontachta) a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu do bhuiséad an Aontais.

(2) Tá méadú suntasach tagtha ar oibríochtaí airgeadais an Aontais – ó thaobh méide agus raon feidhme de – le linn an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha. Baineadh úsáid ar mhórscála as iasachtaí, ráthaíochtaí buiséadacha agus maoiniú bheartais an Aontais trí urrúis fiachais a eisiúint chun freagairtí ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ar ghéarchéimeanna comhleanúnacha a chistiú. I bhfianaise na bhforbairtí sin, ba cheart creat bainistithe riosca airgeadais agus comhlíontachta an Choimisiúin arna fhorbairt agus arna chur chun feidhme i ndáil le hoibríochtaí iasachtaíochta, iasachtaithe agus bainistithe fiachais an Aontais a fheabhsú agus ba cheart a chumhdach a leathnú freisin chuig rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí bainistithe sócmhainní agus as ráthaíochtaí buiséadacha.

(3) Is é ról an Phríomhoifigigh Riosca faoin gCinneadh seo leanúint d'fhorbairtí i mbainistiú riosca airgeadais a thosaigh le bunú ról an Phríomhoifigigh Riosca le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2502 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe faoi NextGenerationEU. Tar éis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a thabhairt isteach mar mhodh ginearálta iasachtaíochta, leathnaíodh maoirseacht an Phríomhoifigigh Riosca ansin chuig gach oibríocht iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus iasachtaithe le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún, ([2]) a leasaíodh ina dhiaidh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún ([3]).

(4) Ba cheart na rioscaí airgeadais a eascraíonn as cur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais a shainaithint, a mhaolú, a bhainistiú agus a chur in iúl i gceart. Ba cheart an creat riosca a bheith láidir agus acmhainneacht chuimsitheach, dhian agus neamhspleách a sholáthar chun maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a thagann chun cinn ar fud oibríochtaí airgeadais uile an Aontais a dhéantar. Ba cheart a áirithiú leis an gcreat sin gur cheart oibríochtaí airgeadais an Aontais a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach leis na caighdeáin is airde sláine, agus le bainistiú fónta airgeadais agus riosca.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L 328, 22.12.2022, lch. 109, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2544/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L, 2023/2825, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2825/oj).

(5) Agus feabhas á chur aige ar a chreat bainistithe riosca airgeadais agus comhlíontachta le haghaidh oibríochtaí airgeadais an Aontais, bunaítear leis an gCinneadh seo rialachas sonrach de chuid an Choimisiúin maidir leis na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus maidir leo sin amháin. Ba cheart do rialacha an Chinnidh seo Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin [4] maidir leis na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais a chomhlánú agus é a bheith ina rún ailíniú leis na cleachtais agus na caighdeáin is fearr i mbainistiú riosca airgeadais agus i gcomhlíontacht riosca airgeadais arna gcur chun feidhme ag piarinstitiúidí atá i mbun oibríochtaí airgeadais comhchosúla a dhéanamh, agus an creat dlíthiúil agus institiúideach a bhunaítear leis na Conarthaí á urramú ag an am céanna.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh a bheith bunaithe ar an tsamhail 'trí líne chosanta'. Ba cheart gurb iad na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais an 'chéad líne chosanta' agus ba cheart dóibh a bheith freagrach i gcónaí as na hoibríochtaí atá faoina gcúram a dhearadh, a chur chun feidhme, a bhainistiú, a phleanáil agus a chur i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca a bheith ina fheidhm neamhspleách, ag gníomhú dó mar an 'dara líne chosanta' ar leibhéal corparáideach ar a bhfuil an phríomhfhreagracht creat fónta bainistithe riosca airgeadais a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí airgeadais an Aontais agus maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Ba cheart gurb í an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an 'tríú líne chosanta' ar cheart di a ról a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 118 den Rialachán Airgeadais.

(7) I gcomhréir leis an tsamhail 'trí líne chosanta', ba cheart do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, ag gníomhú dóibh ina gcáil mar chéad líne chosanta, próisis fhónta bainistithe riosca airgeadais a chur chun feidhme agus comhlíontacht an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a áirithiú.

(8) Tá an creat bainistithe riosca airgeadais agus comhlíontachta le cur chun feidhme in éineacht le gníomhartha eile lena mbunaítear rialachas an Choimisiúin, go háirithe na Rialacha Inmheánacha [5], Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin, an Teachtaireacht ón Uachtarán chuig an gCoimisiún P(2024)5 an 4 Nollaig 2024 'Modhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh' agus Teachtaireacht SEC(2000) 560 ón gCoimisiún lena bhfógraítear bunú na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach [6]. Ba cheart an dlúthchomhar ó na céimeanna an-luath den ullmhúchán, de bhun Mhodhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh, a áirithiú freisin i ndáil leis an mbainistiú riosca airgeadais a leagtar síos sa Chinneadh seo agus ba cheart, go háirithe, an Príomhoifigeach Riosca a bheith rannpháirteach ann.

(9) Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca agus do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais aon chéim faoin gCinneadh seo a chur chun feidhme go dílis, cultúr riosca a bhunú agus a chur chun cinn agus ceanglais stuamachta agus prionsabal an bhainistithe fónta airgeadais a chur i bhfeidhm ina gcur chuige maidir le rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais, lena n-áiritheofar dlúthchomhar. Is éard a bheadh i gceist leis sin beartais a fhorbairt trí mheithleacha idirsheirbhíse ina mbeadh rannpháirtithe na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais lena mbaineann, agus oibriú ar bhealach comhordaithe ón tús. Ina theannta sin, ba cheart a chur san áireamh san obair ar bhainistiú riosca airgeadais a dhéanfar de bhun an Chinnidh seo meastóireachtaí, ceachtanna a foghlaimíodh agus taithí a fuair na seirbhísí le linn cláir agus ionstraimí a chur chun feidhme lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, creataí riosca lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, creataí riosca atá ann cheana, dea-chleachtais sa mhargadh agus caighdeáin idirnáisiúnta, chomh maith le reachtaíocht ábhartha a bhaineann le bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht.

(4) Cinneadh (AE) 2024/3080 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus lena leasaítear Cinneadh C(2000) 3614 (IO L, 2024/3080, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3080/oj).

(5) Cinneadh C(2024)6814 final ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

(6) Teachtaireacht SEC(2000) 560 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2000 'Athchóiriú ar Bhainistíocht agus Rialú Airgeadais sa Choimisiún'.

(10) Leis an gCinneadh seo, ba cheart, dá réir sin, ról, freagrachtaí agus cúraimí an Phríomhoifigigh Riosca a leathnú chuig oibríochtaí airgeadais uile an Aontais lena mbaineann. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca an creat bainistithe riosca airgeadais agus comhlíontachta a fhorbairt le haghaidh oibríochtaí airgeadais uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt trí chúraimí sonracha a leagtar amach sa Chinneadh seo a chur i gcrích, maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu. I gcomhréir le feidhm an dara líne chosanta, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca leanúint de bheith ag gníomhú go hiomlán neamhspleách ar na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus níor cheart dó a bheith faoi réir ordlathais don Ard-Stiúrthóir um an mBuiséad agus ba cheart dó leanúint de líne tuairiscithe dhíreach a bheith aige do Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad.

(11) I gcomhréir le neamhspleáchas an Phríomhoifigigh Riosca ó sheirbhísí an Choimisiúin a chuireann oibríochtaí airgeadais an Aontais chun feidhme, ba cheart bainisteoir sinsearach ag a bhfuil taithí ghairmiúil leordhóthanach i mbainistiú riosca airgeadais a bheith i bpost an Phríomhoifigigh Riosca, agus beidh foireann thiomnaithe ag a bhfuil saineolas ábhartha ag tacú leis an mbainisteoir sin. Níor cheart feidhm an Phríomhoifigigh Riosca a bheith comhoiriúnach le feidhmeanna an oifigigh údarúcháin trí tharmligean le haghaidh oibríochtaí airgeadais an Aontais ná le feidhmeanna an Oifigigh Cuntasaíochta.

(12) D'ainneoin nach seirbhís é an Príomhoifigeach Riosca de réir bhrí Airteagal 45(1) de Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin, tá sé ríthábhachtach go measfar neamhspleáchas na feidhme a bheith coibhéiseach le seirbhís atá freagrach agus seirbhís a bhfuil leasanna dlisteanacha aici chun críocha Airteagail 55 agus 58 faoi seach de Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin. Chuige sin, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca a bheith freagrach go háirithe as comhairliúcháin idirsheirbhíse ar an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus ar na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht. Mar sheirbhís a bhfuil leasanna dlisteanacha aici, ba cheart dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Riosca i gcomhairliúcháin idirsheirbhíse go háirithe maidir le tograí reachtacha le haghaidh clár nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, agus maidir le gníomhartha lena gcuirtear chun feidhme cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí agus maidir le gníomhartha a bhaineann le haon oibríocht airgeadais de chuid an Aontais.

(13) Ba cheart cúraimí ginearálta agus sonracha a bheith ar an bPríomhoifigeach Riosca. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca an creat a fhorbairt lena rialaítear bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht le haghaidh na gcatagóirí éagsúla d'oibríochtaí airgeadais an Aontais, ina mbeidh Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht i ndlúthchomhar leis na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíontacht an chreata riosca agus comhlíontachta de bhun an Chinnidh seo. Ba cheart treoirlínte um riosca agus um chomhlíontacht a bheith sa Bheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht le haghaidh chur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais. Ba cheart don chreat uileghabhálach sin na cuspóirí riosca agus an rialachas bainistithe riosca a shainiú, ba cheart dó na príomhrioscaí agus na prionsabail le haghaidh bainistiú fónta riosca airgeadais a shainaithint chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú.

(14) Sa bhreis ar na cúraimí sin de chineál ginearálta, ba cheart cúraimí sonracha a bhaineann leis na príomhphróisis chun catagóirí tábhachtacha d'oibríochtaí airgeadais an Aontais a phleanáil a shannadh don Phríomhoifigeach Riosca. Ba cheart liosta neamh-uileghabhálach de chúraimí sonracha ba cheart a chur i gcrích a leagan amach sa Chinneadh seo. Ba cheart a áireamh leis sin tuairimí a eisiúint maidir leis an bplean cistiúcháin le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais, gníomhartha inmheánacha, agus bearta chun oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus bainistithe sócmhainní an Aontais a chur chun feidhme. Thairis sin, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca, i ndlúthchomhar leis na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, treoirlínte agus uirlisí coiteanna a fhorbairt chun bonn taca a chur faoi na modheolaíochtaí agus na córais is gá le haghaidh bainistiú riosca éifeachtach agus tuairisciú ar ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí an Aontais, bíodh soláthar ann do chaillteanais nó ná bíodh. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca ionchur ábhartha a sholáthar freisin maidir le rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais agus dliteanais theagmhasacha an Aontais do thuarascálacha lena gcuimsítear na saincheisteanna sin arna nglacadh ag an gCoimisiún, go háirithe na cinn sin dá dtagraítear in Airteagail 41(5) agus 256 den Rialachán Airgeadais.

(15) Sna beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht ba cheart na mionsonraí le haghaidh an bhainistithe riosca agus na comhlíontachta a bhaineann leis na rioscaí airgeadais a leagan amach, amhail rioscaí creidmheasa, margaidh, leachtachta, oibríochtúla, clú agus comhlíontachta a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais, i gcomhréir lena sainiúlachtaí ar leibhéal an chláir nó na hionstraime. Ba cheart do na beartais sin an creat inghlacthachta riosca a shocrú, agus na modheolaíochtaí riosca a shainiú, ar nithe iad a úsáidtear chun measúnú, cainníochtú, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais ábhartha. I gcás ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, i bhfianaise an ghá atá ann measúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí, is iomchuí go mbunófar uirlisí ar leith leis na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht, go saineofar modheolaíochtaí riosca, lena n-áireofar paraiméadair riosca, agus go n-áiritheofar comhsheasmhacht ar fud an Choimisiúin de réir mar is iomchuí agus go dtomhaisfear leibhéal na rioscaí airgeadais nach mór soláthar do chaillteanais a dhéanamh ina leith.

(16) Leis na rialacha agus na nósanna imeachta inmheánacha, lena n-áirítear treoirlínte inmheánacha, treoir theicniúil agus lámhleabhair arna gcur i bhfeidhm ag Ard-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, ba cheart go mbeifí in ann rioscaí a shainaithint go luath agus go cruinn agus bearta ábhartha maolaithe agus bainistithe riosca a chur chun feidhme agus tuairisciú iontaofa agus tráthúil a dhéanamh don Phríomhoifigeach Riosca. D'fhonn cur chun feidhme comhleanúnach an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht a áirithiú, ba cheart do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais a bheith in ann dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Riosca maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta inmheánacha, lena n-áirítear treoirlínte inmheánacha, treoir theicniúil, agus lámhleabhair maidir lena gcomhlíontacht leis na beartais sin.

(17) Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca comhairle a chur ar fáil, i gcás inar gá, do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais maidir le cur chun feidhme na mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht, na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht, agus maidir le bainistiú rioscaí sonracha. Ba cheart do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais aghaidh a thabhairt ar an gcomhairle sin agus mínithe a thabhairt ar na bearta a rinneadh.

(18) Chun gur féidir leis an bPríomhoifigeach Riosca faireachán éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh, ba cheart do na hArd-Stiúrthóireachtaí faoi seach atá ag obair le tríú páirtithe, go háirithe comhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha, an t-ionchur is gá a fháil ó na comhpháirtithe cur chun feidhme maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais agus é sin a roinnt leis an bPríomhoifigeach Riosca arna iarraidh sin.

(19) Chun a áirithiú go gcuirtear na gníomhaithe ábhartha uile ar an eolas go comhsheasmhach maidir le bainistiú riosca airgeadais oibríochtaí airgeadais an Aontais, ba cheart oibleagáidí tuairiscithe iomchuí a bhunú don Phríomhoifigeach Riosca. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca, go háirithe, tuairisciú go tráthrialta do Chomhalta an Choláiste um an mBuiséad, do Chomhaltaí an Choláiste atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, agus d'Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad agus do na hArd-Stiúrthóirí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais. Le tuairisciú ón bPríomhoifigeach Riosca, ba cheart cur leis an tuairisciú clárshonrach a dhéanann na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais. Leis an tuairisciú agus an faireachán ar riosca airgeadais, ba cheart go mbeifí in ann aon riosca airgeadais atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar oibríochtaí airgeadais an Aontais a shainaithint go luath.

(20) Ba cheart don Oifigeach um Chomhlíontacht tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca. Ba cheart don Oifigeach um Chomhlíontacht sin tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach Riosca agus gníomhú faoina údarás. Ba cheart go gcuimseodh feidhmeanna comhlíontachta ábhair maidir le (i) comhlíontacht thionscnamh agus chur i gcrích oibríochtaí airgeadais an Aontais ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag a gcontrapháirtithe le rialacha agus nósanna imeachta agus (ii) sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, seachaint cánach, calaois chánach nó imghabháil cánach a chosc. Maidir le hoibríochtaí airgeadais an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistiú indíreach, níor cheart don oifigeach um chomhlíontacht moltaí ná treoirlínte a sholáthar go díreach, toisc go dtairbhíonn na hoibríochtaí sin de chóras láidir rialuithe cheana féin, agus toisc go ndéantar measúnú ar rialacha na n-eintiteas iontaoibhe faoi Theideal VI den Rialachán Airgeadais.

(21) Tá trí choiste éagsúla ann i láthair na huaire. Ar an gcéad dul síos, bunaíodh an Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha le Cinneadh C(2020) 5154 ón gCoimisiún ([7]) chun comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhchreat bainistithe riosca le haghaidh dliteanais theagmhasacha. Ar an dara dul síos, i gcás oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus iasachtaithe, tacaíonn an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht leis an bPríomhoifigeach Riosca, mar atá i bhfeidhm faoi láthair, mar a shainmhínítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún. Ar an tríú dul síos, laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad, déanann coiste riosca inmheánach maoirseacht ar fheidhmiú na n-oibríochtaí bainistithe sócmhainní, agus déantar aschuir a tharchur chuig an mBord Bainistíochta Sócmhainní. D’fhonn creat comhtháite um bainistiú riosca agus um chomhlíontacht a chruthú, ba cheart Coiste aonair um Riosca agus um Chomhlíontacht a bhunú, a thiocfaidh in ionad na gcoistí thuasluaite, chun tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca i ndáil le hoibríochtaí airgeadais uile an Aontais. Ba cheart Cinneadh C(2020) 5154 ón gCoimisiún lena mbunaítear an Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha a aisghairm dá réir sin.

(22) Le comhdhéanamh an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, ba cheart saineolas a thabhairt le chéile in ábhair a bhaineann le riosca airgeadais agus bainistiú buiséadach, chomh maith le peirspictíochtaí beartais agus oibríochtúla agus saineolas bainistithe riosca na nArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais. Ba cheart do Chomhaltaí an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht a bheith ina n-ionadaithe ag a bhfuil feidhm ardbhainistíochta ón Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad, ón Ardrúnaíocht agus ó gach Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais a bhainistiú.

(23) Ba cheart don Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca agus é i mbun a chuid dualgas a bhaineann le bainistíocht agus maoirseacht riosca airgeadais agus le forbairt agus cur chun feidhme an chreata riosca ábhartha is infheidhme maidir le hoibríochtaí airgeadais an Aontais.

(24) Ba cheart don Choimisiún an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a ghlacadh. D’fhonn leas a bhaint as saineolas an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht agus i bhfianaise an ghá atá leis na seirbhísí uile lena mbaineann a bheith rannpháirteach ó luathchéimeanna ullmhúcháin an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca an dréacht den bheartas a chur faoi bhráid an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht lena phlé roimh an gcomhairliúchán idirsheirbhíse.

(25) Chun aistriú rianúil a áirithiú ón leagan amach rialachais reatha lena n-áirítear trí choiste, ba cheart na socruithe rialachais bainistithe riosca uile atá ann cheana, lena n-áirítear an Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha, a bheith i bhfeidhm go dtí an chéad chruinniú den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht dá bhforáiltear sa Chinneadh seo. Leagtar amach i roinnt lámhleabhar agus doiciméad de chuid na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad agus de chuid na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais na rialacha bainistithe riosca airgeadais le haghaidh oibríochtaí bainistithe sócmhainní agus ráthaíochtaí buiséadacha, lena n-áirítear na creataí bainistithe riosca is infheidhme maidir le cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha a glacadh cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. I réimse na hiasachta agus an iasachtaithe, ghlac an Coimisinéir um an mBuiséad Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht mar aon le roinnt beartais théamacha tacaíochta. Is iad na doiciméid sin is bonn le hoibríochtaí airgeadais leanúnacha a chur i gcrích agus ba cheart iad a bheith i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Riosca athbhreithniú agus go dtí go gcuirfear an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht ina n-ionad, chomh maith le beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht arna nglacadh i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Chun ceanglais na deimhneachta dlíthiúla agus ionchais dhlisteanacha comhpháirtithe cur chun feidhme agus contrapháirtithe a chuireann comhaontuithe ráthaíochta a tugadh i gcrích cheana chun feidhme a chur san áireamh, is iomchuí foráil a dhéanamh sna cinntí lena bhformheastar an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht go ndéantar foráil maidir le forálacha idirthréimhseacha. Ba cheart a áirithiú leis na forálacha idirthréimhseacha sin go mbainisteofar na rioscaí laistigh den

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 maidir leis an gCoiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha a eascraíonn as Ráthaíochtaí Buiséadacha a bhunú.

inghlacthacht riosca mar a shainmhínítear le haghaidh na gclár nó na n-ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha a ghlacfar roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Agus modheolaíochtaí tomhais riosca comhaontaithe á bhforbairt agus á gcur chun feidhme i leith ráthaíochtaí buiséadacha agus cláir iasachta arna mbunú roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca agus do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá i gceannas ar oibríochtaí airgeadais an Aontais an inghlacthacht riosca a urramú chomh maith le torthaí ón gclár nó ón ionstraim lena n-údaraítear an ráthaíocht bhuiséadach nó iasacht agus bearta cur chun feidhme ábhartha. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le haon chomhaontú ráthaíochta sínithe, agus maidir le comhaontuithe atá fós le síniú bunaithe ar chláir nó ar ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíocht bhuiséadach a glacadh cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

## ROINN 1

## ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Sainítear sa Chinneadh seo ról, freagrachtaí agus cúraimí an Phríomhoifigigh Riosca le haghaidh oibríochtaí airgeadais an Aontais ('an Príomhoifigeach Riosca'). Beidh sainordú ag an bPríomhoifigeach Riosca, mar an dara líne chosanta ar an leibhéal corparáideach, creat bainistithe riosca agus comhlíontachta an Choimisiúin le haghaidh rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air. Soláthraíonn an Príomhoifigeach Riosca measúnú neamhspleách ar na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais agus déanann sé faireachán leanúnach ar an bpunann chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí creidmheasa, margaidh agus leachtachta agus chun gníomhaíochtaí bainistithe riosca iomchuí a shainaithint.

2. Beidh an Cinneadh bunaithe ar chleachtas caighdeánach bainistithe riosca airgeadais na samhla 'trí líne chosanta', faoina mbeidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais ar an gcéad líne chosanta, is é an Príomhoifigeach Riosca a bheidh sa dara líne chosanta chorparáideach agus beidh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an tríú líne chosanta.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'oibríocht airgeadais an Aontais' iasachtaí a sholáthraíonn an tAontas go díreach, bíodh soláthar ann do chaillteanais nó ná bíodh, ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais lena gcumhdaítear oibríochtaí ar bhonn comhaontuithe ráthaíochta leis na comhpháirtithe cur chun feidhme, eisiúint fiachais agus bainistiú fiachais lena n-áirítear bainistiú leachtachta gaolmhar, oibríochtaí bainistithe sócmhainní agus cúraimí a bhaineann le feidhm na seirbhíse ainmnithe um bainistiú sócmhainní le haghaidh bainistiú punainne seachfhoinsithe;

(b) ciallaíonn 'cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí' an bunghníomh de réir bhrí Airteagal 2(4) den Rialachán Airgeadais lena n-údaraítear dliteanas airgeadais ó ráthaíocht bhuiséadach nó ó iasacht i gcomhréir le hAirteagal 213(1)(b) agus (c) den Rialachán Airgeadais;

(c) ciallaíonn 'riosca airgeadais' riosca caillteanas nó teagmhas díobhálach eile a thagann chun cinn nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndearadh, i bhforghníomhú agus i mbainistiú catagóirí éagsúla oibríochtaí airgeadais de chuid an Aontais i ngeall ar theacht chun cinn, go háirithe, riosca creidmheasa, margaidh, leachtachta, cistithe, contrapháirtí, oibriúcháin, clú, agus comhlíonta;

(d) ciallaíonn ‘dliteanas teagmhasach’ dliteanas teagmhasach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(16) den Rialachán Airgeadais;

(e) ciallaíonn ‘beartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht’ beartas, treoirlíne, modheolaíocht nó aon ghníomh eile dá dtagraítear in Airteagal 9, ina leagtar amach nósanna imeachta agus teorainneacha sonracha a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais lena gcloífidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais a chur chun feidhme;

(f) ciallaíonn ‘modheolaíochtaí riosca’ an cur chuige cainníochtúil agus na paraiméadair riosca chun measúnú, tomhas, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais a chuirtear chun feidhme in uirlisí bainistithe riosca agus i samhlacha bainistithe riosca;

(g) ciallaíonn ‘inghlacthacht riosca’ an leibhéal riosca a bhfuil an Coimisiún sásta glacadh leis chun a chuspóirí beartais a bhaint amach. Tá an inghlacthacht riosca de réir an chineáil riosca le sainiú, de réir mar is iomchuí, sna gníomhartha dlí ábhartha, sa chreat bainistithe riosca, sna beartais agus lámhleabhair inmheánacha agus i ndoiciméid eile a chomhlánaíonn na gníomhartha dlí ábhartha agus an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht;

(h) ciallaíonn ‘lamháltas riosca’ an diall cainníochtaithe inghlactha ón leibhéal riosca nach sárófar. Leis na leibhéil lamháltais le haghaidh cineál sonrach riosca agus méadrachta beifear in ann an neamhchosaint ar riosca a thomhas agus a thuairisciú agus oibríochtaí airgeadais ábhartha an Aontais á gcur chun feidhme. Féadfar an lamháltas riosca a shocrú ó nialas go glacadh iomlán, ag brath ar an gcreat dlíthiúil, ar an sainordú beartais agus ar infhaighteacht agus neart na mbeart maolaithe riosca a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na rioscaí sainaitheanta éagsúla, ar an gcreat lena rialaítear bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht le haghaidh na gcineálacha nó na gcatagóirí éagsúla d’oibríochtaí airgeadais an Aontais.

*Airteagal 3*

**Dlúthchomhar maidir le bainistiú riosca airgeadais**

1. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca agus do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais aon chéim faoin gCinneadh seo a chur chun feidhme, agus dlúthchomhar á áirithiú, cultúr riosca a bhunú agus a chur chun cinn agus ceanglais stuamachta agus prionsabal an bhainistithe fónta airgeadais a chur i bhfeidhm ina gcur chuige maidir le rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais.

2. Déanfar an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a fhorbairt trí mheithleacha idirsheirbhíse ina mbeidh rannpháirtithe na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais lena mbaineann.

3. Oibreoidh seirbhísí na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus an Phríomhoifigigh Riosca, ón tús, i ndlúthchomhar agus ar bhealach comhordaithe laistigh den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht agus dá fhochoistí maidir leis na cúraimí uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Chinnidh seo, go háirithe agus an Dréachtbheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht dá dtagraítear in Airteagal 8 á ullmhú, maidir leis na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht dá dtagraítear in Airteagal 9 agus le linn an phróisis maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí airgeadais clár nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10.

4. Cuirfear san áireamh go háirithe san obair ar bhainistiú riosca airgeadais a dhéanfar de bhun an Chinnidh seo meastóireachtaí, ceachtanna arna bhfoghlaim agus taithí a fuarthas le linn cláir agus ionstraimí a chur chun feidhme lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, creataí riosca atá ann cheana, aiseolas a fuarthas ó chontrapháirtithe, ó chomhpháirtithe cur chun feidhme agus ó pháirtithe leasmhara eile, dea-chleachtais sa mhargadh agus caighdeáin idirnáisiúnta, chomh maith le reachtaíocht ábhartha a bhaineann le bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht.

## ROINN 2

## RÓL AN PHRÍOMHOIFIGIGH RIOSCA

*Airteagal 4*

### Stádas agus neamhspleáchas an Phríomhoifigigh Riosca

1. Feidhmeoidh an Príomhoifigeach Riosca mar an dara líne chosanta chorparáideach le haghaidh an mheasúnaithe riosca airgeadais ar oibríochtaí airgeadais an Aontais. Beidh neamhspleáchas ag an bPríomhoifigeach Riosca maidir leis na cúraimí agus na freagrachtaí a leagtar amach sa Chinneadh seo a dhéanamh.

2. Is éard a bheidh i bpost an Phríomhoifigigh Riosca feidhm shonrach a bheidh á háitiú ag bainisteoir sinsearach a bhfuil taithí ghairmiúil leordhóthanach aige ar bhainistiú riosca airgeadais agus beidh foireann thiomnaithe ag a bhfuil saineolas ábhartha ag tacú leis. Tuairisceoidh an Príomhoifigeach Riosca go díreach do Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad i dtaca leis na freagrachtaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.

3. Feidhmeoidh an Príomhoifigeach Riosca a ról go neamhspleách ar fheidhmeanna agus ar chúraimí a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais a dhearadh, a phleanáil, a chur chun feidhme, a bhainistiú, a fhorghníomhú, agus cuntasaíocht a dhéanamh ina leith. Ní bheidh feidhm an Phríomhoifigigh Riosca comhoiriúnach le feidhmeanna an oifigigh údarúcháin trí tharmligean le haghaidh oibríochtaí airgeadais an Aontais ná le feidhmeanna an Oifigigh Cuntasaíochta.

4. Measfar go bhfuil an Príomhoifigeach Riosca coibhéiseach leis an tseirbhís atá freagrach de réir bhrí Airteagal 55 de Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin i leith an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht. Seirbhísí a bhfuil leas dlisteanach acu a bheidh sna hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus rachfar i gcomhairle leo i gcomhairliúcháin idirsheirbhíse maidir leis an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus maidir leis na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht sin a bhaineann leo.

5. Measfar an Príomhoifigeach Riosca a bheith coibhéiseach leis an tseirbhís a bhfuil leas dlisteanach aici de réir bhrí Airteagal 58 de Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus rachfar i gcomhairle leis i gcomhairliúcháin idirsheirbhíse go háirithe maidir le tograí reachtacha le haghaidh clár nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, agus maidir le gníomhartha lena gcuirtear chun feidhme cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí agus maidir le gníomhartha a bhaineann le haon oibríocht airgeadais de chuid an Aontais. Áireofar leis sin comhairliúcháin idirsheirbhíse maidir le dréacht-chomhaontuithe ráthaíochta agus dréacht-chomhaontuithe iasachta chomh maith le cinntí lena bhformheasfar príomhghnéithe na gcomhaontuithe ráthaíochta. Nuair a rachfar i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Riosca, déanfaidh sé measúnú eisiach ar ghnéithe den bhainistiú riosca airgeadais agus de chomhlíontacht an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht.

*Airteagal 5*

### Cúraimí ginearálta an Phríomhoifigigh Riosca

Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca maoirseacht ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus beidh sé freagrach as na cúraimí ginearálta seo a leanas:

(a) forbairt an chreata riosca lena rialaítear bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht oibríochtaí airgeadais an Aontais a stiúradh, go háirithe Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht a tharraingt suas, arna fhorlíonadh le beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht;

(b) meithleacha idirsheirbhíse a bhunú agus a stiúradh maidir le forbairt an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht ina mbeidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus Ard-Stiúrthóireachtaí eile lena mbaineann rannpháirteach;

(c) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata riosca, lena n-áirítear na córais agus na próisis is gá chun éifeacht a thabhairt don Bheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus do bheartais théamacha na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais lena mbaineann;

(d) measúnú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí iasachtaíochta, oibríochtaí bainistithe leachtachta, agus cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí sula nglacfaidh an Coimisiún tograí le haghaidh na gclár nó na n-ionstraimí sin;

(e) measúnú, comhdhlúthú agus tuairisciú neamhspleách a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais, agus na sonraí agus an t-ionchur ó na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais á gcur san áireamh, agus ar chomhlíontacht an chreata bainistithe riosca agus na dteorainneacha sonraithe, lena n-áirítear aon fhoráil ábhartha a leagtar amach sna bunghníomhartha lena mbunaítear na cláir aonair agus an Rialachán Airgeadais;

(f) sáruithe agus neamhchomhlíonadh féideartha an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht, beartas téamach riosca agus comhlíontachta nó treoirlínte, gníomhartha dlí agus beartas eile a bhaineann le riosca a shainaithint, agus comhairle a chur ar fáil maidir le bearta maolaithe i gcás inar gá, agus/nó athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú agus ar bhearta maolaithe arna gcur chun feidhme nó arna moladh ag na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais;

(g) dea-chleachtais, cultúr riosca, cineálacha cur chuige riosca comhsheasmhacha comhchuibhithe a chur chun cinn ar fud sheirbhísí an Choimisiúin maidir le bainistiú na rioscaí a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais.

*Airteagal 6*

**Cúraimí sonracha maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus bainistithe sócmhainní an Aontais**

Anuas ar na cúraimí ginearálta, beidh na cúraimí seo a leanas ar an bPríomhoifigeach Riosca maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus bainistithe sócmhainní an Aontais:

(a) an inghlacthacht riosca agus an lamháltas riosca is infheidhme maidir leis na cineálacha éagsúla oibríochtaí airgeadais a shainiú laistigh den bheartas téamach ábhartha um riosca, i gcás inarb indéanta;

(b) tuairim a eisiúint maidir leis an dréachtphlean cistiúcháin agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin;

(c) tuairim a eisiúint maidir leis an straitéis bainistithe leachtachta le haghaidh oibríochtaí bainistithe leachtachta sula nglacfar nó sula leasófar iad;

(d) rachfar i gcomhairle leis maidir leis na treoirlínte bainistithe sócmhainní, an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní, agus na tagarmharcanna is infheidhme le haghaidh oibríochtaí bainistithe sócmhainní, sula nglacfaidh an Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as na hoibríochtaí sin iad;

(e) critéir incháilitheachta a shainiú le haghaidh contrapháirtithe údaraithe agus eisitheoirí ionchasacha a fhéadfar a mheas le haghaidh deiseanna infheistíochta;

(f) teorainneacha riosca iomchuí a shainiú chun a áirithiú go leanfaidh an riosca creidmheasa, an riosca margaidh, agus an riosca leachtachta arna ndéanamh trí na hoibríochtaí bainistithe sócmhainní agus bainistithe leachtachta de bheith i gcomhréir leis na cuspóirí riosca, leis an acmhainneacht riosca, leis an inghlacthacht riosca agus leis an lamháltas riosca a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta ábhartha, sa Bheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus sna beartais théamacha. Féadfar na teorainneacha riosca a bhunú ar leibhéal an chontrapháirtí nó ar leibhéal na hionstraime, nó a bhunú ar leibhéal na neamhchosaintí comhiomlánaithe;

(g) neamhchosaintí ar riosca a mheasúnú, a chomhdhlúthú agus a thuairisciú, arna bhforghníomhú ag an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad nó, i gcás inarb ábhartha, arna seachfhoinsiú chuig tríú páirtí.

*Airteagal 7*

**Cúraimí sonracha a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar rioscaí airgeadais clár nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí**

Maidir le cláir nó ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca an méid seo a leanas:

(a) measúnuithe riosca punainne rialta agus neamhspleácha a dhéanamh bunaithe ar na modheolaíochtaí riosca formheasta agus bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais;

(b) ionchur ábhartha maidir le rioscaí airgeadais agus dliteanais theagmhasacha a sholáthar do thuarascálacha arna nglacadh ag an gCoimisiún maidir leis na saincheisteanna sin, amhail an measúnú riosca maidir le tuairisciú faoi Airteagal 41(5) agus Airteagal 256 den Rialachán Airgeadais bunaithe ar fhaisnéis ó na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais.

*Airteagal 8*

**An Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht**

1. Chun an cúram ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) a chur chun cinn, ullmhóidh an Príomhoifigeach Riosca Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht.

2. Déanfaidh an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht an méid a leanas:

(a) na cuspóirí riosca straitéiseacha a shocrú lena dtreoraítear bainistiú na gcatagóirí éagsúla riosca airgeadais a eascraíonn as cur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais;

(b) tuairisc a thabhairt ar an gcreat rialachais riosca ina leagtar amach na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí a bhaineann le creat bainistithe riosca agus comhlíontachta oibríochtaí airgeadais an Aontais;

(c) ráiteas ardleibhéil an Choimisiúin maidir le hinghlacthacht riosca a chur i láthair;

(d) na príomhrioscaí a shainaithint maidir le leasanna airgeadais an Aontais a eascraíonn as cur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais agus soláthróidh sé creat ardleibhéil bainistithe riosca agus comhlíontachta chun na rioscaí sin a mheasúnú, a thomhas, a mhaolú agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

*Airteagal 9*

**Beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht**

1. Leagfar amach sna beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht na córais, na rialacha, na modheolaíochtaí riosca, na nósanna imeachta agus na próisis le haghaidh bainistiú riosca, tuairisciú agus comhlíontacht a bhaineann leis na príomhchatagóirí rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus tabharfar tuairisc iontu ar róil agus ar fhreagrachtaí na seirbhísí éagsúla a bhfuil baint acu le bainistiú na rioscaí sainaitheanta. Cuirfear san áireamh sna beartais sin sainiúlachtaí catagóirí éagsúla d'oibríochtaí airgeadais an Aontais.

2. Beidh na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht i gcomhréir leis an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht.

*Airteagal 10*

**Eilimintí sonracha de bheartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht lena mbunaítear creat riosca le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí an Aontais**

1. Leis an mbeartas ábhartha téamach um riosca agus um chomhlíontacht maidir le ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, déanfar an méid seo a leanas:

(a) na modheolaíochtaí riosca a bhunú, lena n-áirítear paraiméadair riosca agus uirlisí chun meastóireacht a dhéanamh ar chaillteanais fhéideartha mar thoradh ar ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí, a bheidh, *inter alia*, ina dtreoir maidir leis an ráta soláthair do chaillteanais a shocrú;

(b) na modheolaíochtaí riosca a shainiú de réir mar is iomchuí chun comhsheasmhacht agus cóineasú ar fud an Choimisiúin a áirithiú atá ábhartha sa phróiseas maidir le ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí a dhearadh, a chaibidliú, a chur chun feidhme agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu;

(c) an mhodheolaíocht a shainiú chun leibhéal na rioscaí airgeadais ar gá soláthar do chaillteanas a dhéanamh ina leith a thomhas mar mhaolán sábháilteachta leordhóthanach dá dtagraítear in Airteagal 214(2), an dara fomhír, den Rialachán Airgeadais.

2. Bainfidh an chéad agus an dara líne chosanta úsáid as na modheolaíochtaí riosca agus as na huirlisí riosca a bhunaítear sna beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht agus measúnú á dhéanamh ar chláir nó ar ionstraimí beartaithe lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí.

*Airteagal 11*

**An Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a chur chun feidhme**

1. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca maoirseacht ar chur chun feidhme an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus ar chur chun feidhme na mbeartas téamacha um riosca agus um chomhlíontacht ag na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais.

2. Déanfaidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais faireachán ar na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais faoi seach agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht. Chuige sin, déanfaidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais an méid seo a leanas go háirithe:

(a) gach beart is gá a dhéanamh chun rialuithe agus córais tuairiscithe a chur chun feidhme, ar rialuithe agus córais iad a bhfuil gá leo chun na córais, na modheolaíochtaí agus na próisis a eascraíonn as na beartais sin a chomhlíonadh;

(b) a áirithiú i gcás chur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais go bhfanfaidh rioscaí airgeadais laistigh den inghlacthacht riosca agus de na teorainneacha riosca a shainítear, i gcás inarb ábhartha, don chlár nó do na hionstraimí lena mbunaítear an ráthaíocht bhuiséadach agus na hiasachtaí;

(c) tuarascálacha rialta a sholáthar don Phríomhoifigeach Riosca maidir le comhlíontacht an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach um riosca agus um chomhlíontacht;

(d) cur chun feidhme oibríochtaí airgeadais an Aontais a ndéanann siad maoirseacht orthu a dhoiciméadú go críochnúil, tuairisciú a dhéanamh ar chásanna ina n-imíonn an riosca a bhaineann leis an bpunann oibríochtaí ó na leibhéil riosca atá socraithe nó ina bhféadfadh sé imeacht uathu;

(e) freagairt go tráthúil d'iarrataí ar fhaisnéis bhreise ón bPríomhoifigeach Riosca, lena n-áirítear faisnéis ábhartha atá ar fáil maidir le hoibríochtaí a ráthaítear le buiséad an Aontais agus a dhéanann comhpháirtithe cur chun feidhme agus contrapháirtithe, i gcás inar gá sin chun é a chur ar a chumas don Phríomhoifigeach Riosca measúnú neamhspleách ar na rioscaí a bhunú;

(f) agus obair á déanamh le tríú páirtithe, go háirithe comhpháirtithe cur chun feidhme agus contrapháirtithe, an fhaisnéis is gá a fháil, faisnéis a bheidh ar fáil go háirithe i gcomhréir leis na comhaontuithe ráthaíochta faoi seach, faoi rioscaí airgeadais a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais an Aontais.

3. Bunóidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais na rialacha agus na nósanna imeachta chun comhlíontacht éifeachtach an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na mbeartas téamach ábhartha um riosca agus um chomhlíontacht a áirithiú le haghaidh na hoibríochtaí airgeadais den Aontas a bhfuil siad freagrach astu. Féadfar dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Riosca maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht leis an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus leis na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht.

*Airteagal 12*

**Comhairle chun rioscaí airgeadais a mhaolú**

1. Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca comhairle a chur ar fáil do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais maidir leis an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht, maidir leis na beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht, agus maidir le bainistiú rioscaí sonracha a chur chun feidhme. Féadfar bearta feabhais iomchuí a áireamh ar chomhairle den sórt sin.

2. Tabharfaidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais aghaidh, gan moill mhíchuí, ar an gcomhairle nó, de réir mar is infheidhme, ar neamhchomhlíonadh nó ar shárú teorainneacha eile dá dtagraítear in Airteagal 5(f) agus soláthróidh siad mínithe don Phríomhoifigeach Riosca maidir leis na bearta a rinneadh.

3. Féadfaidh an Príomhoifigeach Riosca, de réir mar is iomchuí, Comhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad agus Comhalta nó Comhaltaí an Choláiste atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcomhairle dá dtagraítear i mír (1) agus, i gcás inarb ábhartha, faoi phléití an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht. Féadfar a áireamh san fhaisnéis sin freisin measúnú ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3).

4. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht ar an eolas go tráthrialta faoin gcomhairle a sholáthraíonn na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais agus faoin obair leantach a dhéanann siad.

*Airteagal 13*

**Tuarascálacha agus faisnéis maidir le rioscaí airgeadais**

1. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca tuarascálacha rialta faoi bhráid Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad, Chomhaltaí an Choláiste atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad, an Oifigigh Cuntasaíochta agus na nArd-Stiúrthóirí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, faoi seach de réir a réimsí inniúlachta, maidir le rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais i gcomhréir leis an gCinneadh seo.

2. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca Comhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad ar an eolas go pras i gcás forbairtí ábhartha a éilíonn breithniú práinneach. Ina theannta sin, cuirfear na hArd-Stiúrthóireachtaí lena mbaineann ar an eolas go tráthúil agus go cuí.

3. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad, an tOifigeach Cuntasaíochta agus na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais, ar an eolas go tráthrialta faoi rioscaí agus faoi neamhchomhlíontacht rialacha agus nósanna imeachta nó faoi sháruithe teorainneacha i leith oibríochtaí airgeadais an Aontais, de réir a réimsí inniúlachta faoi seach.

4. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca tuarascáil ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht faoi bhráid an Choláiste uair sa bhliain, a bhféadfadh togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas a bheith ag gabháil léi.

**ROINN 3**

**TACAÍOCHT DON PHRÍOMHOIFIGEACH RIOSCA**

*Airteagal 14*

**An tOifigeach um Chomhlíontacht**

1. Tuairisceoidh ball foirne ar cuireadh ról an Oifigigh um Chomhlíontacht de chúram air go díreach don Phríomhoifigeach Riosca maidir le hábhair a bhaineann le comhréireacht leis an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht agus le beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht, agus le rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta i leith oibríochtaí airgeadais an Aontais agus déanfaidh sé an fheidhm um chomhlíontacht.

2. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe san fheidhm um chomhlíontacht:

(a) i ndáil le hoibríochtaí airgeadais an Aontais:

   (i) tacaíocht a bhaineann le comhlíontacht do sheirbhísí ábhartha atá freagrach as cur chun feidhme agus forghníomhú oibríochtúil oibríochtaí airgeadais an Aontais; agus

   (ii) tacaíocht maidir le hurramú na rialacha uile-Choimisiúin maidir le hiompraíocht eiticiúil agus sláine is infheidhme maidir le seirbhísí ábhartha a bhfuil baint acu le hoibríochtaí airgeadais an Aontais;

(b) i ndáil le hoibríochtaí airgeadais an Aontais seachas oibríochtaí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, treoir lena dtugtar aghaidh ar sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, seachaint cánach, calaois chánach nó imghabháil cánach chun oibríochtaí airgeadais an Aontais a fhorghníomhú seachas ráthaíochtaí buiséadacha faoi bhainistíocht indíreach, ag eintitis atá ionchorpraithe nó bunaithe i ndlínsí atá liostaithe faoin mbeartas ábhartha maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha nó dlínsí a shainaithnítear mar thríú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849 nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach de chuid an Aontais nó na caighdeáin chánach a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, nó a sháraíonn córais smachtbhannaí nó a dhéanann neamhrialtachtaí airgeadais ábhartha eile.

3. Glacfar na treoirlínte um chomhlíontacht i gcomhréir le hAirteagal 18. Beidh feidhm ag na treoirlínte sin maidir le hoibríochtaí airgeadais seachas na hoibríochtaí sin a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach.

Féadfaidh an tOifigeach um Chomhlíontacht freisin, faoi údarás an Phríomhoifigigh Riosca, i gcás inar gá agus inarb iomchuí, comhairle a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 12.

*Airteagal 15*

**An Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht**

1. Bunófar Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht chun tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca agus freagrachtaí an oifigigh sin á gcomhlíonadh aige.

2. Déanfaidh an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht an méid seo a leanas:

(a) plé a dhéanamh ar an Dréachtbheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus ar na beartais théamacha um riosca agus comhlíontacht arna n-ullmhú ag an bPríomhoifigeach Riosca, chomh maith lena leasuithe;

(b) tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca i dtaobh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5 den Chinneadh seo;

(c) tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca chun meastóireacht, faireachán agus formheas a dhéanamh ar chleachtais maidir le cur chun feidhme an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus ar chleachtais a bhaineann le bainistiú riosca airgeadais agus comhlíontacht oibríochtaí airgeadais an Aontais;

(d) tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca chun na rioscaí airgeadais a bhainistiú i ndáil le hoibríochtaí airgeadais an Aontais agus comhairle a thabhairt don Phríomhoifigeach Riosca maidir le neamhchomhlíontacht an Bheartais Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht nó maidir le sáruithe ar threoirlínte gaolmhara eile, ar bheartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht agus ar theorainneacha;

3. Féadfaidh an Príomhoifigeach Riosca a chinneadh fochoistí a bhunú le haghaidh topaicí sonracha, go háirithe le haghaidh catagóirí sonracha d'oibríochtaí airgeadais an Aontais nó le haghaidh catagóir shonrach riosca.

4. Éascóidh na fochoistí feidhmiú éifeachtúil an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht trí na nithe seo a leanas:

(a) cúnamh a thabhairt don Phríomhoifigeach Riosca measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí a mhionsaothraítear i mbeartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht;

(b) ábhair a ullmhú a bheidh le tabhairt faoi bhráid an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht;

(c) ionchur a sholáthar maidir le saincheisteanna teicniúla a bhaineann le measúnú agus maolú na rioscaí sin.

*Airteagal 16*

**Comhaltaí agus eagrú an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na bhfochoistí**

1. Déanann an Príomhoifigeach Riosca cathaoirleacht ar an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht.

2. Beidh na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht:

(a) An Príomhoifigeach Riosca;

(b) Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin;

(c) ionadaí ón Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad a dhéanann maoirseacht ar eisiúint fiachais chun clár an Aontais a mhaoiniú;

(d) an tOifigeach um Chomhlíontacht;

(e) ionadaí ón Ardrúnaíocht arna ainmniú ag an Ardrúnaí;

(f) ionadaí ó gach Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as ráthaíochtaí buiséadacha nó as cláir iasachtaí.

3. Beidh an t-ionadaí ón Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad atá i gceannas ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus ionadaí ón Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad atá i gceannas ar an mbuiséad bliantúil ina mbreathnóirí buana ar an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht.

4. Féadfaidh an Príomhoifigeach Riosca cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí eile chuig an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht a meastar a dtuairim agus a bhfeidhmeanna a bheith iomchuí le haghaidh na nithe a phléitear ag an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht.

5. Leibhéal an Ard-Stiúrthóra nó an Leas-Ard-Stiúrthóra a bheidh i gceist le leibhéal na n-ionadaithe faoi phointí (c), (e) agus (f) de mhír 2 den Airteagal seo, agus féadfaidh siad ionadaí malartach a cheapadh ar leibhéal an bhainisteora shinsearaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an sainordú agus na freagrachtaí a leagtar síos sa Chinneadh seo.

6. Comhalta gan ceart vótála den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht a bheidh san Oifigeach um Chomhlíontacht dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 2 den Airteagal seo.

7. Ceapfaidh an Príomhoifigeach Riosca suas le triúr saineolaithe seachtracha ar a laghad, chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht. Tabharfaidh na saineolaithe seachtracha tuairimí agus glacfaidh siad páirt i bpléití ach ní bheidh cearta vótála acu maidir le hábhair a thugtar os comhair an Choiste.

8. Is leis an gcinneadh fochoiste a bhunú de bhun Airteagal 15(3) a chinnfear na comhaltaí a bheidh rannpháirteach. Féadfaidh comhalta den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, má ainmnítear mar chomhalta fochoiste é, a bheith ina chomhalta den fhochoiste é féin nó féadfaidh sé comhaltaí an fhochoiste a ainmniú as foireann na hArd-Stiúrthóireachta faoi seach. Beidh eolas agus inniúlachtaí leordhóthanacha ag na comhaltaí ainmnithe i réimsí atá ábhartha d'obair an fhochoiste. Beidh an Príomhoifigeach Riosca nó cathaoirleach arna ainmniú ag an bPríomhoifigeach Riosca ina chathaoirleach ar fhochoiste.

9. Glacfaidh an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí, a rialacha nós imeachta mar aon le rialacha nós imeachta na bhfochoistí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 15(3). Áireofar sa vóta tromlaigh vótaí na gcomhaltaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (e) de mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 17*

**Rúnaíocht an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht**

Is as measc fhoireann an Phríomhoifigigh Riosca a cheapfar rúnaíocht an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht lena gcumhdófar na cúraimí seo a leanas ar a laghad:

(a) teagmháil agus comhairliúchán a dhéanamh le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin agus ionchuir á n-ullmhú don Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht;

(b) cruinnithe an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht a eagrú, lena n-áireofar an clár oibre, doiciméid agus miontuairiscí na gcruinnithe sin a ullmhú;

(c) cúraimí riaracháin agus eagrúcháin eile a dhéanamh a bhaineann le heagrú an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht.

*Airteagal 18*

**Réamhchomhairliúcháin maidir leis an mBeartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus maidir le beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht**

1. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca an Dréachtbheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na dréachtbheartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a tharraingt suas agus pléifear iad i meitheal idirsheirbhíse ina mbeidh na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais rannpháirteach. Tabharfar cuireadh don Ardrúnaíocht agus don tSeirbhís Dlí teacht chuig meitheal den sórt sin.

2. Sula dtionscnófar comhairliúchán idirsheirbhíse, cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca an Dréachtbheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus na dréachtbheartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht i láthair lena bplé sa Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht i gcomhréir le hAirteagal 15(2), pointe (a).

3. Agus na dréachtbheartais á gcur faoi bhráid an chomhairliúcháin idirsheirbhíse agus faoi bhráid an Choimisiúin lena nglacadh, soláthróidh an Príomhoifigeach Riosca faisnéis maidir le toradh an phlé sa Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) agus maidir lena mheasúnú.

4. Tabharfar aird chuí chothrom ar bharúlacha na gcomhaltaí agus cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi ar léiríodh nó nár léiríodh na barúlacha sa Bheartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht nó sna beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht.

## ROINN 4

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHE AGUS IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 19*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Cinneadh C(2020)5154 maidir leis an gCoiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha a eascraíonn as Ráthaíochtaí Buiséadacha a bhunú.

2. Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

3. Aisghairtear Cinneadh C(2024) 745 maidir le Cairt cúraimí agus freagrachtaí a ghlacadh le haghaidh Phríomhoifigeach Riosca an Choimisiúin maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe.

*Airteagal 20*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. An Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht arna ghlacadh faoi Chinneadh (AE) 2023/2825, leanfaidh sé de bheith bailí i leith chatagóirí oibríochtaí airgeadais an Aontais a chumhdaítear ann go dtí go gcuirfear an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht dá dtagraítear in Airteagal 8 ina ionad.

2. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca athbhreithniú ar lámhleabhair agus ar dhoiciméid ábhartha eile a bhaineann le bainistiú riosca oibríochtaí bainistithe sócmhainní arna nglacadh roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Na lámhleabhair agus doiciméid ábhartha eile arna bhformheas ag an gCoiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha chomh maith le lámhleabhair agus doiciméid na nArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach as oibríochtaí airgeadais an Aontais ina leagtar amach na rialacha bainistithe riosca airgeadais do chláir atá ann cheana, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí go bhféadfaí beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a chur ina n-ionad.

3. Tabharfar fógra don Phríomhoifigeach Riosca faoi cheapacháin chomhaltaí an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht de bhun phointí (c), (e) agus (f) d'Airteagal 16(2) laistigh de mhí amháin ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo nó ón dáta a gheobhaidh Ard-Stiúrthóireacht freagrachtaí oifigigh údarúcháin maidir le hoibríochtaí airgeadais an Aontais.

4. Leis an gcinneadh lena nglactar an Beartas Ardleibhéil um Riosca agus um Chomhlíontacht agus beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht, déanfar foráil maidir le forálacha idirthréimhseacha chun a áirithiú go mbainisteofar na rioscaí laistigh den inghlacthacht riosca mar a shainmhínítear le haghaidh na gclár nó na n-ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha a ghlacfar roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

5. Gan dochar don inghlacthacht riosca a chinntear leis na gníomhartha reachtacha lena mbunaítear na cláir sin, déanfar an measúnú *ex post*, faireachán agus tuairisciú ar rioscaí airgeadais na gclár agus na n-ionstraimí lena n-údaraítear ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí a ghlacfar roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí a leagtar amach sna beartais théamacha um riosca agus um chomhlíontacht a ghlacfar ar bhonn an chinnidh seo.

*Airteagal 21*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 18 agus ag mír 1 d'Airteagal 19 ó lá chéad chruinniú an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, a thionólfaidh an Príomhoifigeach Riosca go cuí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN